Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**5754/25**
**ADD 1**

**FIN 112**
**PE-L 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023<br>– *Glacadh*<br>– *Formheas litreach* |

**IARSCRÍBHINN**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún**
**i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta**
**an Aontais Eorpaigh**
**don bhliain airgeadais 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 319 de,

Tar éis di an scrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 319(1) CFAE a dhéanamh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir an chuntais ioncaim agus chaiteachais don bhliain airgeadais 2023:

- ba ionann an t-ioncam agus ....................................................... EUR 248 360 670 365.71

- ba ionann an caiteachas
  arna eisíoc as leithreasuithe agus ............................................... EUR 236 738 815 235.83

- ba ionann leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
  arna dtabhairt anonn ó bhliain *n*-1 agus a cuireadh ar ceal agus........... EUR 4 224 049.58

- ba ionann leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn go bliain *n*+1
  (lena n-áirítear ioncam arna chur in áirithe) agus ........................ EUR 11 062 142 505.94

- ba ionann leithreasuithe CSTE faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain
  *n-1* agus ..................................................................................... EUR 6 472 913.79

- ba ionann comhardú na ndifríochtaí sa ráta malairte agus.................. EUR 77 627 504.57

- ba ionann an t-iarmhéid buiséid dearfach agus ................................ EUR 635 091 265.30

(2) Úsáideadh EUR 2 447 374 972.12 (99.83 %) den EUR 2 451 599 021.70 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn go dtí an bhliain 2023;

(3) Iarrtar barúlacha áirithe ón gComhairle, atá I gCEANGAL LEIS SEO, sna barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2023;

(4) Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfar obair leantach maidir lena barúlacha agus glacann sí leis go gcuirfidh an Coimisiún na moltaí uile chun feidhme ina n-iomláine, gan mhoill;

(5) D'fhormheas an Chomhairle conclúidí a bhaineann le tuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt in 2023 agus 2024 i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1];

(6) Tar éis an scrúdaithe dá dtagraítear thuas, beidh cur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh an bhliain airgeadais 2023 ina iomláine, arna dhéanamh ag an gCoimisiún, ar bhonn na mbarúlacha ón gCúirt Iniúchóirí, déanta ar dhóigh inar féidir urscaoileadh a thabhairt i ndáil leis an gcur chun feidhme sin,

Á MHOLADH LEIS SEO, i bhfianaise na mbreithniúchán sin, go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] 6755/24, 7014/24, 8871/24, 9639/24, 10358/24, 11235/1/24 REV 1, 11367/24, 11521/24, 11944/24, 12260/24, 12261/24, 14849/24, 15152/24, 15924/24, 16902/24, 16981/24, 16985/24, 16991/24 agus 17000/24.

## RÉAMHRÁ

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil bhliantúil agus an Ráiteas Dearbhaithe ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais chomh maith le torthaí na hiniúchóireachta agus na conclúidí atá inti. Measann an Chomhairle go bhfuil tábhacht mhór ag baint leis an obair neamhspleách iniúchóireachta atá déanta ag an gCúirt i gcomhréir le forálacha Airteagal 287 CFAE, agus go sonrach leis an bpríomhchúram a bhaineann le Ráiteas Dearbhaithe a chur ar fáil maidir le hiontaofacht na gcuntas agus le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus an chaiteachais.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle gurb é a mheas an Chúirt go dtugtar léargas fíor agus cóir ar sheasamh airgeadais an Aontais chomh maith leis an tuairim ghlan maidir le hiontaofacht chuntais 2023 don 17ú bliain as a chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur measadh go raibh an t-ioncam do 2023 dlíthiúil, rialta agus saor ó earráid ábhartha.

3. Is oth leis an gComhairle, áfach, an méadú atá ag teacht ar an leibhéal measta earráide, ar cúis mhór imní é, a thuairiscigh an Chúirt maidir le caiteachas bhuiséad an Aontais agus, don 5ú bliain as a chéile, gur eisíodh tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais. Tugann an Chomhairle dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim cháilithe maidir le caiteachas 2023 na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

4. Aithníonn an Chomhairle torthaí a bhailigh an Chúirt, tacaíonn sí leis an gcuid is mó dá moltaí, agus iarrann sí ar an gCoimisiún na moltaí sin, chomh maith leis na moltaí ón gComhairle, a chur san áireamh.

5. Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún araon leanúint den mheasúnú ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, ar léiriú den fhíorluach do shaoránaigh an Aontais é agus, dá bhrí sin, is gné thábhachtach den mheastóireacht bhliantúil a dhéantar ar bhainistiú fónta airgeadais chistí an Aontais é. Go sonrach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gcás inarb infheidhme, níos mó airde a dhíriú ar tháscairí feidhmíochta torthaí-bhunaithe ar féidir a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais.

6. In ainneoin gur iarr an Chomhairle amhlaidh arís agus arís eile agus an tábhacht pholaitiúil mhéadaithe a bhaineann le roinnt ceannteideal caiteachais, níor léirigh an Chúirt, athuair, leibhéal earráide do gach caibidil agus ní dhearna sí aon athrú ar an méid sin i gcomparáid leis na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé inchomparáideacht a áirithiú idir na blianta i ngach réimse beartais, is díol sásaimh di tiomantas na Cúirte leibhéal earráide a chur i láthair don réimse beartais 'An Chomharsanacht agus an Domhan' don bhliain 2024 agus ina dhiaidh sin, agus iarrann sí ar an gCúirt rátaí earráide ionadaíocha a chur ar fáil do na ceannteidil uile.

## **CAIBIDIL 1**
## **AN RÁITEAS DEARBHAITHE AGUS FAISNÉIS THACAÍOCHTA**

1.1. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ghlan ón gCúirt maidir le hiontaofacht chuntais bhliantúla an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'na cuntais' anseo feasta) don bhliain airgeadais 2023 agus is díol sásaimh di an ráiteas ón gCúirt go gcuirtear i láthair go cothrom, ar gach bealach ábharach, seasamh airgeadais an Aontais, ón 31 Nollaig 2023, agus torthaí a oibríochtaí, a shreabhadh airgid agus na hathruithe ar a ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta atá bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go hidirnáisiúnta don earnáil phoiblí.

1.2. Anuas air sin, is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an t-ioncam is bun leis na cuntais do 2023 dlíthiúil agus rialta ar gach bealach ábharach, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

1.3. Is cúis imní don Chomhairle, áfach, gur eisigh an Chúirt tuairim neamhfhabhrach don 5ú bliain as a chéile maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais, go n-aithníonn sí an meath ar an leibhéal earráide i gcuid de na ceannteidil chaiteachais, agus cuireann sí i bhfios go láidir go dtacaíonn leibhéal íseal measta earráide le muinín shaoránaigh an Aontais as na hinstitiúidí Eorpacha a chaomhnú.

1.4. Is oth leis an gComhairle gur ardaigh an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt in 2023 ó 5.6 % go 4.2 % in 2022, ag imeacht a thuilleadh ón tairseach ábharthachta de 2 %. Thairis sin, is oth leis an gComhairle an t-ardú ar an leibhéal measta earráide sa chaiteachas ardriosca ó 6.0 % in 2022 go 7.9 % in 2023. Tugann an Chomhairle dá haire go ndéanann earráidí difear ábharach do chion mór den chaiteachas arna iniúchadh ag an gCúirt (64.4 %), ar caiteachas aisíocaíocht-bhunaithe den chuid is mó é. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil an riosca tráth na híocaíochta arna mheas ag an gCoimisiún fós cothrom le 1.9 %, ráta nach bhfuil athrú tagtha air ó na blianta roimhe seo ráta a bhaineann, den chuid is mó, le cláir CAI 2014–2020, agus meastar gurb é 0.9 % an riosca tráth an dúnta, tar éis cumas ceartaitheach an Choimisiúin a chur san áireamh. Tugann an Chomhairle dá haire gur thug an Chúirt teorainneacha faoi deara i seiceálacha *ex post* an Choimisiúin a dhéanann difear do stóinseacht mheasúnú riosca an Choimisiúin.

1.5. Meabhraítear don Chomhairle nach tomhas ar chalaois, neamhéifeachtacht ná cur amú cistí *per se* é leibhéal measta earráide na Cúirte, ach tomhas ar íocaíochtaí nach ndearnadh i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Tugann an Chomhairle dá haire gur thuairiscigh an Chúirt 20 cás de chalaois amhrasta do OLAF in 2023.

1.6. Agus an obair á hadmháil atá déanta ag na comhlachtaí iniúchóireachta maidir le hearráidí agus míbhainistiú a bhrath i ndáil le cistí an Aontais, chomh maith leis na hiarrachtaí agus na gníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na ballstáit chun moltaí na Cúirte a chur chun feidhme, aithníonn an Chomhairle na heasnaimh a shainaithin an Chúirt i gcuid oibre údaráis iniúchóireachta áirithe. Bunaithe ar thorthaí na Cúirte, molann an Chomhairle do na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais a bhainistiú agus a rialú tuilleadh feabhais a chur ar a gcuid oibre.

1.7. Leagann an Chomhairle béim gur cheart, chun na rátaí earráide a laghdú agus chun bainistiú éifeachtach cuí a dhéanamh ar chistí an Aontais, tús áite a thabhairt i gcónaí do reachtaíocht lena n-áirítear bearta cur chun feidhme ábhartha atá níos simplí, níos trédhearcaí agus níos intuartha. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar údaráis na gclár, i gcás inarb ábhartha, rialacha agus nósanna imeachta atá níos casta ná mar is gá a shainaithint, a mheasúnú agus a shimpliú, le haghaidh údaráis náisiúnta agus tairbhithe araon, agus na caighdeáin agus na ceanglais bhunriachtanacha is gá don chuntasacht, don bhainistíocht fhónta airgeadais agus do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais á gcaomhnú ag an am céanna.

1.8. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil sainorduithe éagsúla ag an gCúirt agus ag an gCoimisiún agus, dá bhrí sin, go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige acu maidir le hearráidí a mheas, is cúis imní don Chomhairle méid na ndifríochtaí atá idir an dá institiúid maidir leis na caighdeáin, an reachtaíocht, na fíricí agus na rialacha céanna a léirmhíniú. Iarrann an Chomhairle ar na hinstitiúidí leanúint den idirphlé, agus iarrann sí ar an gCoimisiún páirt ghníomhach a thabhairt do na húdaráis náisiúnta iniúchóireachta chomh maith, d’fhonn a gcuid oibre a threisiú, dea-chleachtais a mhalartú agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh.

1.9. Ós rud é go gcumhdaítear roinnt blianta leis na cláir chaiteachais agus leis na córais rialúcháin ghaolmhara, chomh maith leis na timthriallta bainistíochta, tugann an Chomhairle dá haire gurb é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar na ceartuithe agus na haisghabhálacha airgeadais a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm go dtabharfaí leibhéal na hearráide faoi bhun ábharthachta. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go measann an Coimisiún gurb é an riosca tráth an dúnta an táscaire is fearr lena léirítear na gníomhaíochtaí uile a rinne na Ballstáit agus a seirbhísí araon, lena dtomhaistear an leibhéal earráide atá fágtha a luaithe a bheidh na rialuithe *ex post* uile agus na ceartúcháin bhreise uile déanta, agus go ndírítear le cur chuige na Cúirte, i gcomhréir lena sainordú, ar thráth ar leith. Is ábhar imní don Chomhairle go bhfuil méadú ag teacht gach bliain ar an difríocht i rátaí earráide na Cúirte (5.6 %) agus an Choimisiúin (1.9 %).

## CAIBIDIL 2

## BAINISTIÚ BUISÉADACH AGUS AIRGEADAIS

2.1. Tugann an Chomhairle dá haire gur cuireadh beagnach an buiséad ar fad chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na gealltanais agus na híocaíochtaí a bhí ar fáil in 2023.

2.2. Is ábhar imní don Chomhairle an leibhéal nua de ghealltanais bhuiséadacha comhlíonta, arb é an leibhéal is airde riamh éin 2023, agus é á tabhairt dá haire gurb amhlaidh gurb iad na gealltanais a bhaineann leis an ionstraim NextGenerationEU (NGEU) is cúis, go páirteach, leis an méadú sin go páirteach .

2.3. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an measúnú a rinne an Chúirt maidir le neamhchosaint mhéadaithe bhuiséad an Aontais mar thoradh ar iasachtaí a rinneadh le haghaidh riachtanais bhreise mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna iomadúla. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an riosca sin, eisiúint bannaí agus billí a theorannú do na méideanna atá sainordaithe go dlíthiúil agus ag íosrátaí úis chomh maith leis na Ballstáit a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoina mheastacháin.

2.4. Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt go raibh tionchar fós ag an mboilsciú ard ar bhuiséad an Aontais, tugann sí dá haire moladh 2.1 ón gCúirt agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme buiséadach na gcistí bainistíochta comhroinnte agus oibriú leis na Ballstáit chun cur chun feidhme rianúil a áirithiú.

## CAIBIDIL 3
## TORTHAÍ A FHÁIL Ó BHUISÉAD AN AONTAIS

3.1. Tugann an Chomhairle dá haire, le haghaidh 2023, go gcumhdaíonn measúnú na Cúirte ar fheidhmíocht an bhuiséid forléargas ar na torthaí agus na príomhtheachtaireachtaí ina tuarascálacha speisialta 2023 maidir le feidhmíocht, lena n-áirítear faisnéis ghaolmhar ón gCoimisiún, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Rinne an Chúirt measúnú freisin ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh ina tuarascáil in 2020 maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais agus ina tuarascálacha speisialta a foilsíodh in 2020.

3.2. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCúirt scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar thug an Coimisiún tuairisc ar fheidhmíocht i gceannteidil éagsúla CAI ar bhonn uainíochta sna blianta ina dhiaidh sin.

3.3. Maidir le ceannteideal 4 'Imirce agus bainistiú teorainneacha' a ndearnadh anailís air don bhliain reatha, tugann an Chomhairle dá haire an chonclúid ón gCúirt maidir leis an gcreat tuairiscithe feidhmíochta feabhsaithe don tréimhse reatha CAI, chomh maith le dul chun cinn maith maidir le spriocanna a bhaint amach.

3.4. Admhaíonn an Chomhairle torthaí iniúchtaí na Cúirte agus is díol sásaimh di na chéad ghníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún mar fhreagairt ar na moltaí i dtuarascálacha speisialta 2023 ón gCúirt.

# CAIBIDIL 4

# IONCAM

4.1. Is díol sásaimh don Chomhairle nach raibh tionchar ag earráid ábharach ar an gcuid den bhuiséad a bhain leis an ioncam in 2023 agus go ndearnadh measúnú ar na córais a bhaineann le hioncam a scrúdaíodh mar chórais a bhí éifeachtach tríd is tríd.

4.2. Mar sin féin, i dtaca le cuid de na príomhrialuithe inmheánacha ar acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) i mBallstáit áirithe, cuid de na gnéithe chun forchoimeádais OIN agus CBL a bhainistiú, pointí oscailte ADT ag an gCoimisiún, agus na córais chun iontaofacht agus inchomparáideacht sonraí a áirithiú chun an acmhainn dhílis phlaisteachbhunaithe a ríomh, measadh go raibh na nithe sin éifeachtach i bpáirt.

4.3. Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt go bhfuil tionchar ag moilleanna arna ndéanamh ag na Ballstáit ar obair fíorúcháin an Choimisiúin maidir le OIN agus tugann sí dá haire an moladh ábhartha ón gCúirt maidir le hús ar íocaíochtaí déanacha a chur i bhfeidhm nuair nach dtugtar aghaidh go hiomlán ar fhorchoimeádais OIN faoin spriocdháta. Maidir leis an moladh sin, aithníonn an Chomhairle tuairim an Choimisiúin maidir leis na forchoimeádais OIN a baineadh sa bhliain 2023 go gcomhlíonann ríomh an úis ar íocaíochtaí déanacha na rialacháin atá i bhfeidhm.

4.4. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an mhoill ar chur chun feidhme roinnt gníomhaíochtaí i bPlean Gníomhaíochta Custaim an Choimisiúin a bhí ag rannchuidiú leis an mbearna chustaim a laghdú.

4.5. Ós eol di a thábhachtaí atá sé rialuithe ADT a chur i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna ar fud an Aontais, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún fíorú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an chreata chomhchoitinn maidir le critéir agus caighdeáin rioscaí airgeadais, tosaíocht a thabhairt do na gnéithe atá le cur chun feidhme, agus tacú leis na Ballstáit critéir agus caighdeáin rioscaí airgeadais a chur i bhfeidhm gan mhoill.

4.6. Molann an Chomhairle don Choimisiún arís, d'fhonn intuarthacht a áirithiú do na Ballstáit, leanúint den idirphlé leis na Ballstáit ina bhfuil cásanna fomheastacháin oscailte chun iad a dhúnadh, agus na caillteanais deiridh ADT is inchurtha i leith na mBallstát eile a ath-ríomh a luaithe is féidir, ar caillteanais iad a d'eascair as breithiúnas an 8 Márta 2022 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an Ríocht Aontaithe.

## CAIBIDIL 5
## AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS CÚRSAÍ DIGITEACHA

5.1. Is oth leis an gComhairle gur ardaigh an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt ó 2.7 % in 2022 go 3.3 % in 2023 agus gur fhan sé os cionn na tairsí ábharthachta i gcónaí. Tugann an Chomhairle dá haire freisin gur mheas an Coimisiún gurb é 1.4 % an riosca tráth na híocaíochta don réimse beartais 'Margadh Aonair, nuálaíocht agus inneachar digiteach' agus gurb é 1.0 % an riosca tráth an dúnta, faoi bhun na tairsí ábharthachta.

5.2. Tugann an Chomhairle dá haire gurb iad an caiteachas ar thaighde agus an nuálaíocht na réimsí is mó dá ndéanann earráidí a bhaineann le costais phearsanra difear agus is oth léi gur ann dóibh go leanúnach. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí chun ráta earráide atá faoi bhun na tairsí ábharthachta a bhaint amach. Tugann an Chomhairle dá haire freisin ráiteas na Cúirte ina ndeirtear gurb iad na rialacha casta maidir le costais phearsanra is mó is cúis leis an ráta earráide agus, ar bhealaí áirithe, nár simplíodh an ríomh faoin gclár Fís Eorpach. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

5.3. Aithníonn an Chomhairle barúil na Cúirte gur lú an seans go ndéanfadh FBManna agus nuatheachtaithe earráidí ná tairbhithe eile agus molann sí don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

5.4. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún maidir leis an gclár Fís Eorpach soiléiriú breise a thabhairt ar na rialacha agus na modhanna chun rátaí laethúla a ríomh do na costais phearsanra; tá na rialacha agus na modhanna sin fós ina mórfhoinse earráidí sna héilimh ar chostais. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac an Coimisiún leis an moladh sin.

## CAIBIDIL 6
## COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA

6.1. Is oth leis an gComhairle agus is cúis imní di gur tháinig ardú ar an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt le haghaidh íocaíochtaí sa réimse beartais 'Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna' ó 6.4 % in 2022 go 9.3 % in 2023, ag méadú a thuilleadh os cionn na tairsí ábharthachta de 2 %. Tugann an Chomhairle dá haire gur mheas an Coimisiún gurb é 2.6 % an riosca tráth na híocaíochta don réimse beartais sin, agus gurb é 1.2 % an riosca tráth an dúnta, faoi bhun na tairsí ábharthachta. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar údaráis an chláir céimeanna breise a dhéanamh chun an leibhéal earráide a laghdú amach anseo.

6.2. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil róil éagsúla ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt i slabhra rialaithe bhuiséad an Aontais; tá fócas éagsúil acu agus caiteachas á sheiceáil. Tugann an Chomhairle dá haire, i gcás roinnt de na hearráidí inchainníochtaithe a shainaithin an Chúirt le haghaidh na caibidle, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn le measúnú na Cúirte ar na fíricí, ná le léirmhíniú na rialacha náisiúnta nó na rialacha clárshonracha is infheidhme.

6.3. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an creat rialaithe agus dearbhaithe do chláir chomhtháthaithe de chineál bliantúil agus ilbhliantúil araon. Cé go bhfuil na rialacha reatha bunaithe ar chóras atá bunaithe ar ghlacadh an Choimisiúin le cuntais bhliantúla, cumhdaíonn na cláir roinnt blianta. Mar thoradh air sin, déanann an Coimisiún, mar bhainisteoir ar bhuiséad an Aontais, straitéisí rialaithe ilbhliantúla a chur i bhfeidhm atá ceaptha earráidí a chosc agus, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, na straitéisí sin a bhrath agus ceartúcháin a chur i bhfeidhm roimh dhúnadh na gclár. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de sheiceálacha sonracha spriocdhírithe a dhéanamh sna hiniúchtaí clabhsúir 2014-2020 dá chuid, chun a áirithiú gur chuir na Ballstáit an ceartú airgeadais is gá i bhfeidhm i gcás na n-earráidí a braitheadh i mbliain chuntasaíochta ar leith, rud a imríonn tionchar ar an gcaiteachas i mblianta cuntasaíochta eile. Tugann an Chomhairle dá haire an seasamh ón gCoimisiún, nach bhfuil aon spriocdháta rialála chun leanúint de bhuiséad an Aontais a chosaint agus go bhféadfaí ceartúcháin a dhéanamh sna blianta tar éis dheireadh na clárthréimhse nó tráth an clár a dhúnadh.

6.4. In 2023, chuir roinnt tosca brú breise ar riaracháin na mBallstát, lena n-áirítear acmhainní breise REACT-EU, agus dáta deiridh an 31 Nollaig 2023 do thréimhse incháilitheachta comhtháthaithe 2014-2020, atá ag forluí le blianta beaga anuas le tréimhse incháilitheachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, rud a chuireann i mbaol a gcumas a áirithiú go mbíonn an caiteachas rialta agus i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

6.5. Aithníonn an Chomhairle cinneadh na Cúirte go rabhthas in ann freagairt thapa a thabhairt ar imthosca gan choinne trí mhaoiniú 100 % ón Aontas a thabhairt isteach le haghaidh thosaíochtaí an bheartais comhtháthaithe. Tugann an Chomhairle dá haire gur chuir idirbhearta arna maoiniú 100 % ag an Aontas 5 % leis an ráta earráide don chaibidil seo agus tugann sí dá haire gur gá tuilleadh breathnóireachta a dhéanamh sna blianta atá le teacht ar an dóchúlacht go ndéanfar earráidí leis na cineálacha sin idirbheart agus ar an tionchar a bheidh acu ar an ráta earráide foriomlán.

6.6. Cé go n-admhaíonn an Chomhairle an iarracht chun cláir chomhtháthaithe a shimpliú, go háirithe don chlárthréimhse 2021-2027, trí úsáid mhéadaithe a bhaint as roghanna costas simplithe agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, tathantaíonn sí ar an gCoimisiún agus ar údaráis na gclár leanúint d'aghaidh a thabhairt ar earráidí a tharlaíonn arís agus arís eile agus dea-chleachtais a scaipeadh d'fhonn tarlú agus tionchar an chaiteachais neamhrialta a laghdú.

6.7. Is oth leis an gComhairle freisin go bhfeiceann an Chúirt fós easnaimh san obair a bhíonn á déanamh ag roinnt de na húdarás iniúchóireachta. Tugann an Chomhairle dá haire gur cobhsaíodh ar leibhéal 61 % an cion caiteachais atá cumhdaithe ag pacáistí dearbhaithe lena ngabhann rátaí earráidí iarmharacha os cionn 2 %. I ndáil leis sin, agus aitheantas á thabhairt do na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún agus na húdaráis iniúchóireachta agus do na feabhsuithe a baineadh amach go dtí seo, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún céimeanna breise a thabhairt, i gcás inar féidir, chun an t-ardriosca earráide a mhaolú agus oibriú i gcomhar leis na húdaráis iniúchóireachta chun teacht ar na modhanna is iomchuí chun iontaofacht na bhféindearbhuithe arna n-eisiúint ag na tairbhithe a sheiceáil.

## CAIBIDIL 7
## ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL

7.1. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt maidir le híocaíochtaí sa réimse beartais 'Acmhainní nádúrtha' cobhsaí i gcónaí ar an leibhéal 2.2 %, agus is oth léi go bhfuil an leibhéal earráide os cionn na tairsí ábharthachta. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go dtuairiscíonn an Coimisiún riosca neamhábhartha tráth an íocaíocht a dhéanamh don réimse beartais sin agus go measann an Coimisiún gurb é 0.5 % an riosca tráth an dúnta, faoi bhun na tairsí ábharthachta.

7.2. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur tháinig, leis na bearta ceartaitheacha arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, laghdú 0.5 pointe céatadáin ar an leibhéal measta earráide, á thabhairt dá haire di ag an am céanna go bhféadfadh leibhéal na hearráide don chaibidil seo a bheith 1.0 pointe céatadáin níos ísle dá n-úsáidtí an fhaisnéis uile a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint den tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit agus dlús a chur leis an tacaíocht sin le go ndéanfaidh siad gach beart is gá chun earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus ar an gcaoi sin go leanfaidh an laghdú ar an ráta earráide, agus cóimheas iomchuí costais is tairbhe á urramú ag an am céanna.

7.3. Is díol sásaimh don Chomhairle é go raibh na híocaíochtaí díreacha, dar méid 65 % faoin gceannteideal 'Acmhainní nádúrtha' in CAI, go raibh siad saor ó earráid ábharach don 9ú bliain as a chéile.

7.4. Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte go bhfuil na coinníollacha incháilitheachta don chuid is mó den chaiteachas ar an bhforbairt tuaithe níos casta ná mar atá siad i gcás íocaíochtaí díreacha, agus go bhfuil an riosca earráide níos airde.

## CAIBIDIL 8

## IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA, SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

8.1. Tugann an Chomhairle dá haire, maidir le ceannteideal 4 'Imirce agus Bainistiú Teorainneacha' agus ceannteideal 5 'Slándáil agus Cosaint', nach raibh an t-iniúchadh a rinne an Chúirt ionadaíoch arís don chaiteachas faoin dá cheannteideal sin in ainneoin na moltaí a rinne an Chomhairle roimhe seo. Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt meastachán ar rátaí earráide do na ceannteidil sin. I bhfianaise an fhócais pholaitiúil mhéadaithe ar na réimsí beartais sin agus ar a mbuiséad méadaitheach, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCúirt an athuair sampla ionadaíoch a chur lena raon iniúchóireachta, agus ráta earráide a sholáthar don dá cheannteideal sin sna blianta atá le teacht.

8.2. Aithníonn an Chomhairle an tacaíocht a chuir an Coimisiún ar fáil go dtí seo agus tacaíonn sí leis an moladh ón gCúirt treoir bhreise a thabhairt d'údaráis na mBallstát atá freagrach as cistiú AS um Imirce agus Gnóthaí Baile a chur chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte.

8.3. Is díol sásaimh don Chomhairle an chonclúid ón gCúirt, maidir le bunú na saoráidí téamacha do thréimhse CAI 2021-2027 agus cur chun feidhme na modheolaíochtaí leithdháilte, go ndearnadh sin i gcomhréir le ceanglas na rialachán ábhartha.

## CAIBIDIL 9

## AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN

9.1. Is oth leis an gComhairle, in ainneoin na moltaí a d'athdhearbhaigh sí roimhe seo, nach raibh, arís, scrúdú na Cúirte ionadaíoch don chaiteachas faoin gceannteideal seo, agus, mar thoradh air sin, nár thug an Chúirt leibhéal measta earráide don chaibidil seo. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas na Cúirte sampla ionadaíoch a chumhdach sa réimse ardriosca sin agus ráta earráide a chur ar fáil don cheannteideal sin sna blianta ina dhiaidh sin, ó 2024 ar aghaidh.

9.2. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Chúirt, de réir CFAE, i dteideal rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil a fháil ar na doiciméid is gá chun a cúram a chomhlíonadh. Is oth leis an gComhairle, dá bhrí sin, go bhfuil deacrachtaí fós ann maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, nár tugadh ach rochtain theoranta ar dhoiciméid ina leith.

9.3. I bhfianaise na n-earráidí a aimsíodh in idirbhearta le heagraíochtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu, ar earráidí iad a bhaineann le conarthaí faoi bhainistíocht indíreach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún seiceálacha agus rialuithe ar chistiú an Aontais i ngníomhaíochtaí seachtracha a fheabhsú.

**CAIBIDIL 10**

**AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH**

10.1. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh caiteachas riaracháin agus caiteachas gaolmhar institiúidí an Aontais fós saor ó earráid ábharach, mar a bhí sna blianta roimhe seo. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin nár sainaithníodh leibhéil ábharacha earráide ach an oiread sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a d'athbhreithnigh an Chúirt.

10.2. Is oth leis an gComhairle gur thug an Chúirt faoi deara na laigí maidir le bainistiú na leithreasuithe i ngrúpaí polaitiúla Pharlaimint na hEorpa agus neamhchomhlíonadh leanúnach a nósanna imeachta soláthair leis an Rialachán Airgeadais.

10.3. Tugann an Chomhairle dá haire na tionscnaimh a rinne Parlaimint na hEorpa chun calaois a chosc agus a bhrath agus tacaíonn sí leis an moladh ón gCúirt atá dírithe ar Pharlaimint na hEorpa straitéis frithchalaoise ar fud na hinstitiúide a fhorbairt agus a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm í ar fud na heagraíochta.

10.4. Aithníonn an Chomhairle na hearráidí a shainaithin an Chúirt in íocaíochtaí an Choimisiúin, lena n-áirítear nár cuireadh i bhfeidhm laghdú cánach an Aontais mar gheall ar fhabht sna bunchórais TF agus ró-íocaíocht i leith oibreacha tógála. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a nósanna imeachta agus a chórais chun na heasnaimh sin a sheachaint amach anseo.

10.5. Aithníonn an Chomhairle conclúidí na Cúirte maidir le laigí i nósanna imeachta soláthair Thoscaireachtaí an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí feabhas a chur ar a nósanna imeachta chun earráidí a sheachaint amach anseo.

10.6. Tugann an Chomhairle dá haire méadú 12.7 % ar dhliteanas maidir le pinsin agus sochair fostaithe eile (ó EUR 80.6 billiún in 2022 go EUR 90.8 billiún ag deireadh 2023).

## CAIBIDIL 11
## AN tSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

11.1. Is ábhar imní don Chomhairle gur eisigh an Chúirt tuairim cháilithe maidir le caiteachas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023, cosúil le 2022, bunaithe ar an measúnú ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna, mar a shainítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle mar choinníoll le haghaidh íocaíochta.

11.2. Tugann an Chomhairle dá haire gur measadh go raibh tionchar ag torthaí cainníochtúla ar 16 cinn de na 325 gharsprioc agus 127 sprioc a scrúdaigh an Chúirt, a bhaineann le 7 gcinn as 23 íocaíocht deontais STA, go háirithe maidir le garspriocanna agus spriocanna nár comhlíonadh go sásúil, caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach a bheith ionadaithe agus an dáta tosaigh incháilitheachta.

11.3. Is ábhar imní don Chomhairle na difríochtaí idir an Coimisiún agus an Chúirt maidir le léirmhíniú na reachtaíochta i dtaca leis na torthaí cainníochtúla uile a tuairiscíodh. Is saincheisteanna ríthábhachtacha iad na coinníollacha íocaíochta agus incháilitheachta i dtaca le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Cuireann an Chomhairle in iúl a thábhachtaí atá an comhar institiúideach i dtreo comhthuiscint ar an gcreat dlíthiúil chun cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a éascú, agus ar an gcaoi sin tacú lena cuspóirí sin a bhaint amach.

11.4. Tugann an Chomhairle rabhadh maidir le léirmhíniú na reachtaíochta agus í á cur chun feidhme, nár cheart rialacha nua ná forchur coinníollacha níos sriantaí *ex post* ar na Ballstáit eascairt as.

11.5. Molann an Chomhairle don Choimisiún feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh a chothú, mar shampla simpliú agus soiléiriú na rialachán i gcomhar leis na Ballstáit, ach solúbthacht a choinneáil freisin chun pleananna náisiúnta a athrú i gcomhréir leis na ceanglais faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus a thacaíocht do na Ballstáit uile a mhéadú chun dlús a chur le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta sna blianta atá le teacht. Ar an mbealach sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a mheas, trí phrionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus treoirlínte athbhreithnithe maidir le cur chun feidhme á n-eisiúint aige agus iarrann sí ar an dá institiúid comhréireacht a chur san áireamh agus rialuithe á ndéanamh acu.